| | | |
|---|---|---|
| **1.** | an aimsir | the weather |
| | réamhaisnéis na haimsire | weather forecast |
| | | |
| | fliuch, báisteach (fearthainn), ceathanna | wet, rain, showers |
| | sneachta, sioc, oighear | snow, frost, ice |
| | flichshneachta, cloichshneachta | sleet, hail |
| | scamallach, ceo, ceomhar | cloudy, fog, foggy |
| | tirim, grianmhar, tréimhsí gréine | dry, sunny, sunny spells |
| | | |
| | teocht, céim, reophointe | temperature, degree, freezing point |
| | | |
| **2.** | Conas a bhíonn an aimsir i San Diego? | How is the weather in San Diego? |
| | An mbíonn sé ag cur báistí go minic? | Does it rain often? |
| | An mbíonn sé fuar istoíche? | Is it cold at night? |
| | An mbíonn sé te sa samhradh? | Is it hot in the summer? |
| | An maith leat an aimsir i San Diego? | Do you like the weather in San Diego? |
| | | |
| | Conas a bhíonn an aimsir in Éirinn? | How is the weather in Ireland? |
| | An maith leat an bháisteach? | Do you like the rain? |
| | An maith leat an aimsir in Éirinn? | Do you like the weather in Ireland? |
| | Má bhí tú riamh in Éirinn, conas a bhí an aimsir nuair a bhí tú ann? | If you were ever in Ireland, how was the weather when you were there? |
| | | |
| | An raibh tú riabh i do chónaí in aon áit ina mbíonn sé ag cur sneachta? | Where you ever living in a place where it snows? |
| | An fearr leat lá te nó lá fuar? | Do you prefer a hot day or a cold day? |
| | Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn sé ag cur báistí? | What do you do when it rains? |

| | **An Aimsir Láithreach**<br>**Irial Ó Ceallaigh / VIFAX 20 Eanáir 2015** | **The Weather Now**<br>**Irial Ó Ceallaigh / VIFAX 20 January 2015** |
|---|---|---|
| **1.** | Tá fáilte ollmhór romhaibh go dtí an réamhaisnéis agus chuig na príomhscéalta ar fad. | A big welcome to you to the forecast and to all the headlines. |
| **2.** | Agus, faoi láthair tá gaoth aniar aduaidh agus leis sin ba chóir go mbeadh sé fuar ar feadh roinnt laethanta eile. | And now there is a northwest wind and with that it should be cold for a few more days. |
| **3.** | Beidh flichshneachta agus sneachta ar thalamh ard ó thuaidh, agus chomh maith leis sin, beidh oighear ar na bóithre anocht. | There will be sleet and snow on high ground to the north, and as well as that, there will be ice on the roads tonight. |
| **4.** | Ach, ar maidin ar a naoi a chlog beidh ceathanna insa deisceart faoin dtráth sin agus ceo uaireanta ó dheas. | But, in the morning at nine o’clock there will be showers in the south at that time and fog at times to the south. |
| **5.** | Insan oirthear, beidh sé níos deise, beidh an fhearthainn sin ag glanadh soir tar éis. | In the west, it will be nicer, that rain will be moving east afterwards. |
| **6.** | Beidh sé fuar, beidh sé timpeall ar an reophointe i mBaile Átha Cliath agus san oirthuaisceart, ach tirim. | It will be cold, it would around the freezing point in Dublin and in the northeast, but dry. |
| **7.** | Beidh flichshneachta agus sneachta insan iarthuaisceart uaireanta ach tréimhsí gréine chomh maith. | There will be sleet and snow in the northwest at times, but sunny spells as well. |
| **8.** | An teocht ansin i Ros an Mhíl thimpeall seacht gcéim agus gaoth mheasartha aniar ag séideadh insan iarthuaisceart. | The temperature there in Rossaveal around seven degrees and a modest wind from the west blowing in the northwest. |
| **9.** | Thar oíche beidh flichshneachta agus sneachta ó thuaidh agus i dtuaisceart Chúige Laighean. | Overnight there will be sleet and snow to the north and in the south of Leinster. |
| **10.** | Ó dheas de sin beidh ceathanna nó flichshneachta agus tar éis sin beidh sé níos deise ach beidh ceo ag forbairt thar oíche. | To the south of there, there will be showers or sleet and afterwards it will be nicer, but there will be fog developing overnight. |
| **11.** | Beidh sé fuar chomh maith le hoighear ar na bóithre. | It will be cold as well with ice on the roads. |
| **12.** | Beidh an teocht ag thimpeall céim faoi bhun an reophointe uaireanta i lár tíre, agus ó thuaidh; agus b’fhéidir sé chéim mar theocht is airde le cósta. | The temperature will be around one degree below freezing in the middle of the country, and to the north; and perhaps six degrees the highest temperature on the coast. |
| **13.** | Beidh gaoth aniar aduaidh insan iarthar níos déanaí. | There will be a northwest wind in the west later. |